



Sainchomhairleoirí sa Bhord Pleanála

Na Cáilíochtaí is Gá

Iarrtar ar dhaoine ó na gairmeacha atá leagtha amach sa tábla thíos iarratas a chur isteach. Ceanglófar fianaise a thabhairt ar chomhaltas foirmiúil den chomhlacht gairmiúil iomchuí agus ar chlárú leis an gcomhlacht gairmiúil iomchuí (nuair is cuí).

Gairm
Éiceolaithe, lena n-áirítear Éaneolaithe
Hidreolaithe
Hidrigeolaithe
Innealtóirí Geoiteicniúla
Innealtóirí Iompair
Speisialtóirí aeir
Speisialtóirí Torainn agus Tonnchreatha, lena n-áirítear Torann Eitlíochta
Saineolaithe Seveso/COMAH
Eolaithe Comhshaoil

An Taithí is Gá

Eolas sásúil, cúlra agus taithí iomchuí le déanaí i réimsí saineolais a bhaineann leis na gairmeacha atá liostaithe thuas.

Cineál na hOibre

Ceanglófar ar na comhairleoirí a cheapfar tuarascálacha a sholáthar, lena n-áirítear mionsonraí faoi mheasúnuithe agus moltaí ar achomhairc agus iarratais a fhaigheann an Bord. Ní mór do na comhairleoirí a cheapfar a bheith in ann tuarascálacha den sórt sin a sholáthar go tráthúil agus laistigh de scálaí ama dochta.

Rátaí Íocaíochta

Is é €835 an táille in aghaidh an lae, agus meastachán ama á údarú roimh ré.

Méid na hOibre

Ní bheidh na comhairleoirí páirtimeartha a cheapfar á bhfostú mar fhostaithe, agus ní bheidh aon chosaint reachtúil atá ar fáil d'fhostaithe ná aon chearta aoisliúntais ag gabháil leis na ceapacháin. Is ar bhonn conartha le haghaidh seirbhísí amháin a thairgfear an fhostaíocht pháirtimeartha, agus ní bheidh aon choinníollacha fostaíochta ag gabháil léi. Ní thabharfar aon ghealltanais maidir leis an líon iarbhir cásanna a shannfar. Más rud é go mbeidh an obair míshásúil, ní shannfar aon chomhaid eile.

Coinbhleacht Leasa

Ní fhéadfar aon obair a bhféadfadh leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith mar thoradh uirthi a dhéanamh don Bhord (seachas íocaíocht ón mBord). Ní fhéadfar tabhairt faoi aon obair a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar an gcásobair shonrach atá á déanamh don Bhord.

Cód Iompair

Tá feidhm ag an gCód Iompair do Chomhaltaí Boird, Fostaithe agus Daoine Áirithe Eile maidir le sainchomhairleoirí. Féach míreanna 13, 14 agus 15 den Chód, atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo [tríd an nasc seo](#).

Iarratais

Ba cheart iarratais agus CV a sheoladh le ríomhphost chuig Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Pleanála ag recruitment@pleanala.ie.

Is féidir go gcuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthrófar. Seolfar agallaimh tar éis an phróisis seo.